



Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht

An Bhruiséil, 20 Aibreán 2021

CM 2752/21

**Comhad Idirinstiúideach:
2018/0328(COD)**

CODEC
CYBER
TELECOM
COPEN
COPS
COSI
CSC
CSCI
IND
JAI
RECH
ESPACE
PROCED

TEACHTAIREACHT

AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN

Teagmháil: ivana.dutkova@consilium.europa.eu /
codecision.adoption@consilium.europa.eu

Teil/Facs: Tel. +32 2 281 7125

Ábhar: Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN
gCOMHAIRLE lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí
Tionsclaíochta, Teicneolaíochta agus Taighde Cibearshlándála agus
Líonra na Lárionad Náisiúnta Comhordúcháin
– Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis
ar chúiseanna na Comhairle
– Toradh an nós imeachta i scríbhinn arna thionscnamh le CM 2678/21

Maidir leis an nós imeachta i scríbhinn ar cuireadh tús leis le CM 2678/21 an 14 Aibreán 2021, cuirtear in iúl do na toscaireachtaí gur tugadh i gcrích an 20 Aibreán 2021 é agus gur vótáil na toscaireachtaí uile, seachas an Chróit, a staon, i bhfabhar ghlacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh maidir leis an dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Tionsclaíochta, Teicneolaíochta agus Taighde Cibearshlándála agus Líonra na Lárionad Náisiúnta Comhordúcháin mar a leagtar amach in 5628/21 + REV 1 (cs) + COR 1 (de) é, agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle mar a leagtar amach in ADD 1 a ghabhann leis an doiciméad sin é.

Sroicheadh an tromlach cáilithe is gá. Dá bhrí sin, glactar an seasamh thuasluaite ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráiteas ar chúiseanna na Comhairle.

Atáirgtear an ráiteas ón gCróit san Iarscríbhinn a ghabhann leis an CM seo.

Déanfar an ráiteas thuas a áireamh san achoimre ar ghníomhartha arna nglacadh tríd an nós imeachta i scríbhinn mar ráiteas atá le cur isteach i miontuairiscí na Comhairle, i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle.

Ráiteas ó Phoblacht na Cróite

Ba mhaith le Poblacht na Cróite a chur in iúl go dtacaíonn sí go hiomlán leis an Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Tionsclaíochta, Teicneolaíochta agus Taighde Cibearshlándála agus Líonra na Lárionad Náisiúnta Comhordúcháin (Rialachán lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála).

Mar sin féin, is mian le Poblacht na Cróite a míshásamh leis an leagan teanga reatha Cróitise den Rialachán a chur in iúl, i.e. leis an leagan coibhéiseach Cróitise den téarma Béarla ‘cyber’ agus a n-eascraíonn uaidh sa Chróitis¹, ceist atá tarraingthe anuas againn ar bhonn leanúnach ar go leor leibhéal laistigh den Chomhairle le blianta beaga anuas.

Is ábhar mór inní do Phoblacht na Cróite le blianta beaga anuas go bhféadfadh éiginnteacht dhlíthiúil teacht as an leagan reatha Cróitise den Rialachán. Eadhon, sa leagan reatha Cróitise den Rialachán, baintear úsáid as téarmaíocht nach ann di i reachtaíocht earnálach na Cróite agus nach n-úsáidtear go minic ar bhonn poiblí ná ar bhonn gairmiúil, rud a chruthaíonn mearbhall agus a bhaineann an bonn de dheimhneacht dhlíthiúil, de chomhleanúnachas dlíthiúil agus de shoiléireacht dhlíthiúil.

Dá bhrí sin, staoifaidh Poblacht na Cróite ón vótáil ar ghlacadh an Rialacháin lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála.

Athdhearbhaíonn Poblacht na Cróite a seasamh gur cheart an téarmaíocht a úsáideann institiúidí an Aontais a ailíniú leis an téarmaíocht dhlíthiúil náisiúnta atá in úsáid cheana d'fhonn deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú.

Tá Poblacht na Cróite fós tiomanta do chibearspás oscailte, saor, cobhsaí agus slán a chur chun cinn agus leanann sí de thacú le bunú agus gníomhaíochtaí an Lárionaid Eorpaigh um Inniúlachtaí Tionsclaíochta, Teicneolaíochta agus Taighde Cibearshlándála agus Líonra na Lárionad Náisiúnta Comhordúcháin.

¹ Is é ‘*kibernetički*’ an téarma coibhéiseach a úsáidtear i reachtaíocht na Cróite ach is é ‘*kiber-*’ an téarma a úsáidtear sa Rialachán.